

ÁBHAR AR LÍNE

Déan ábhar mídhleathach nó díobhálach ar líne a thuairisciú, lena n-áirítear **ciníochas**, seineafóibe, ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, mí-úsáid íomhánna pearsanta nó camscéimeanna airgeadais, don **Irish Internet Hotline** ag www.hotline.ie.



Is féidir leat tuairisc a dhéanamh go slán, go hanaithnid agus faoi rún. Má dheimhnítear go bhfuil ábhar mídhleathach, cuirtear faoi bhráid na n-údarás cuí é, agus oibríonn siadsan le soláthraithe seirbhíse lena chinntiú go ndéileáiltear go cuí leis an ábhar mídhleathach agus go mbaintear anuas é.

Molann Coimisiún na Meán, rialtóir meán na hÉireann www.cnam.ie, duit, má thagann tú ar ábhar mídhleathach nó díobhálach ar líne, é a thuairisciú ar dtús don ardán lena mbaineann. Má mheasann tú nár urramaigh ardán do chearta ar líne, is féidir leat é sin a thuairisciú do Choimisiún na Meán, a chuirfidh aon ábhar coiriúil faoi bhráid an Gharda Síochána.



CONAS COIR FUATHA A THUAIRISCIÚ I gcás éigeandála, cuir glao ar 999 / 112 i gcónaí.



Déan coir fuatha a thuairisciú i do stáisiún Gardaí áitiúil



Tá Eolaire iomlán Stáisiúin na nGardaí le fáil ar www.garda.ie



Déan teagmháil le Líne Rúnda an Gharda ar 1800 666111




Bain úsáid as Seirbhís Tuairiscithe Ar Líne an Gharda Síochána maidir le Coireanna Fuatha ar www.garda.ie



Faigh d'Oifigeach Éagsúlachta áitiúil de chuid an Gharda Síochána ar www.garda.ie

TUAIRISCIGH COIR FUATHA AR LÍNE



An Garda Síochána

Ag Coinneáil Daoine Sábháilte - Keeping People Safe

**TÁ COIR FUATHA
DO-GHLACTHA
CUIRIMIS
DEIREADH
LE FUATH LE
CHÉILE**

**TUAIRISCIGH
COIR FUATHA ANOIS**

CAD IS COIR FUATHA ANN?

Aon chion **coiriúil** a bhfuil fuath mar thromú air in aghaidh duine nó grúpa daoine mar gheall ar a gcuid sainghnéithe **cosanta**. Is iad sin:

- Cine
 - Dath
 - Náisiúntacht
 - Reiligiún
 - Bunadh
 - Ginealach
 - Inscneo
 - Sainghnéithe gnéis
 - Gnéaschlaonadh
 - Míchumas
- náisiúnta nó Eit-neach

D'fhéadfadh ionsaí, damáiste coiriúil nó cion in aghaidh an oird phoiblí a bheith i gceist.

Déan coir fuatha a thuairisciú don Gharda Síochána.

Is féidir teagmhais **nach cion coiriúil** iad, ach atá díobhálach agus suaiteach mar sin féin, a thuairisciú don Gharda Síochána freisin.

CAD A DHÉANANN COIR FUATHA ÉAGSÚIL?

Tá coir fuatha éagsúil le cineálacha eile coireachta mar go ndéantar í i do choinne mar gheall ar cé thú féin. Is ionsaí pearsanta é atá dírithe ar ghné díot nach féidir leat a athrú, nó nár cheart go mbeadh ort a athrú, amhail do dhath, do chine, do chreideamh, d'inscne, do ghnéaschlaonadh agus mar sin de.



CÉ A D'FHÉADFADH A BHEITH INA ÍOSPARTACH DE CHOIR FUATHA?

D'fhéadfadh duine, pobal nó institiúid a bheith ina íospartach fuatha. Má d'fhulaing tú gníomh foréigin, imeaglaithe nó naimhdis mar gheall ar cé thú féin, d'fhéadfadh sé gur íospartach coire fuatha thú.



AN COIR FUATHA É SEO?

Mura bhfuil tú cinnte an coir fuatha nó teagmhas fuatha a bhí sa mhéid a tharla duit, déan é a thuairisciú don Gharda Síochána, athabharfaidh tuilleadh comhairle duit agus a dhéanfaidh an beart is gá.



CAD A DHÉANFAIDH AN GARDA SÍOCHÁNA?

Glacann an Garda Síochána coireanna fuatha an-dáiríre agus déanfaidh sé gach tuairisc a fhiosrú go tuisceanach agus le meas.

Déanfar teagmhais nach coireanna iad a thaifeadadh agus breithneofar tuilleadh beart ina leith, de réir mar is cuí.

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA FUATHA), 2024

Déantar foráil sa reachtaíocht seo do phionóis níos troime i leith coireanna áirithe i gcás ina gcruthaítear gur fuath ba chúis leo nó ina léirítear fuath.

Mar shampla, cinntítear leis an reachtaíocht go ngearrfar pionóis níos troime i gcás ionsaí a bhfuil fuath mar thromú air nó i gcás damáiste do mhaoín a bhfuil fuath mar thromú air.